# Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain

## Plean Scoile Eolaiochta

| |
|---|
| **Teideal:**<br>Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta |
| **Réamhráiteas:**<br>**(a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?**<br>Is iad foireann iomlán na scoile a leag amach clár eolaíochta bunaithe ar Curaclam na Bunscoile 1999. Déanfaidh clár leathan comhchothrom deimhin de go mbeidh teagmháil ag na páistí le coincheapa as gach snáithe.<br><br>**(b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?**<br>Deimhneóidh pleanáil eifeachtach i gcomhair na heolaíochta sa scoil go ngeobhaidh na daltaí taithí ar churaclam comhchothrom ina seachnófar idir athrá míchuí agus bearnaí suntasacha. |
| **Fís agus Aidhmeanna:**<br>**(a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile**<br>A chur ar chumas na bpáistí go sealbhóidis raon leathan de scíleanna taighde dearcadh áirithe atá tabhachtach agus eolas agus coincheapa ii dtaobh gnéithe fisiceacha agus bitheolaíochta an domhain.<br><br>**(b) Aidhmeanna**<br>• Eolas agus tuiscint ar choincheapheapa eolaíocha agus teicneolaíocha a fhobairt trí gnéithe daonna, nádurtha agus fisiceach na timpeallachta a iniúchadh<br>• Cur chúige eolaíoch a fhorbairt i leith fadhbanna a réiteach, cur chúige a leagann béim ar thuiscint agus ar mhachnamh cruthaitheach<br>• An páiste a spreagadh chun smaointe agus coincheapa eolaíochta a iniúchadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí ghníomhaíochtaí deartha agus déanta |

- Fiosracht nádúrtha an pháiste a chothú agus ar an mbealach sin iad a spreagadh chun tabhairt faoi iniúchadh agus ghníomhaíocht chruthaitheach go neamhspleách
- Cabhrú leis an bpáiste a léirthuiscint go gcuireann eolaíocht agus teicneolaíocht le gnéithe sóisialta, gnéithe eacnamaíochta, gnéithe cultúrtha agus gnéithe eile na sochaí
- Léirthuiscint agus meas a chothú ar an éagsúlacht atá le fáil i measc neach beo agus neamhbheo, ar a n-idirspleáchas agus ar an gcaoi a dtéann siad i gcion ar a chéile
- Na páistí a spreagadh chun iad féin a iompar go freagrach agus chun an t-imshaol a chosaint, a fheabhsú agus a ghráú, chun páirt a ghlacadh agus fadhbanna a réiteach nó á seachaint agus ar an mbealach sin forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn
- A chur ar chumas an pháiste idéanna a chur in iúl, obair a chur i láthair agus tuairisc a thabhairt ar thorthaí taighde trí mheáin éagsúla

## <u>Pleanáil Curaclaim:</u>

## <u>1. An Clár Eolaíochta: 1.1 Snáitheanna agus Snáithaonaid:</u>

**Snáithe: Dúile Beo**

Snáithaonaid: An Bheatha Daonna

Plandaí agus Ainmhithe

**Snáithe: Fuinneamh agus Forsaí**

Snáithaonaid:

Solas

Fuaim

Teas

Maighnéadas agus leitreachas

Forsaí

**Snáithe: Ábhair**

Snáithaonaid: Airíonna agus tréithe ábhair

Ábhar agus athrú cló

**Snáithe: Feasacht agus Cúram Imshaoil**

Snáithaonaid: Feasacht imshaoil

Eolaíocht agus an t-imshaol

Cúram imshaoil

## 1.2 Smaointe Leanaí

Is é tús machnaimh ag páistí na idéanna a bhíonn acu i dtaobh cúrsaí, athraíonn siad na idéanna sin agus déanann siad forbairt orthu trína dtástail in imscrúdaithe praiticiúla. I gcaitheamh a gcuid gníomhaíochtaí eolaíochta cuirfear deiseanna ar fáil do pháistí na hidéanna sinna thriail, a bhreagnú nó a athrú nó cinn eile ina n-ionad. Tagann den dearcadh seo ar fhoghlaim go mbíonn tuiscint níos eolaiche á fhorbairt agus á thogáil ag na páistí trína n-ídeanna agus a gcleachtadh saoil féin. Bunaíonn páistí bunscoile a n-idéanna agus a gcoincheapa eolaíochta ar an bhfianaise a bhíonn ar fáil dhóibh. Déantar modhnú ar na hidéanna agus ar na coincheapa seo de réir mar a oibríonn na páistí i gcomhthéacsanna níos dushlánaí agus de réir mar a fhorbraíonn siad bealaí imscrudaithe níos ceannoscailte i leith réiteach fadhbanna.

## 1.3 Imscrúdaithe Praiticiúla

Foghlaimeóidh na páistí conas an domhan thart orthu a imscrúdú tríd forbairt a dhéanamh ar na scíleanna seo a leannas:

Ag Obair go heolaioch

- Ag ceistiú
- Ag breathnóireacht
- Ag tuar

- Ag imscrúdú agus ag tástáil
- Ag meas agus ag tomhas
- Ag anailísiú: ag sortáil agus ag rangú, ag aithint, ag léirmhiniú.
- Ag clárú agus ag cur in iúl

<u>Ag dearadh agus ag déanamh</u>

- Ag iniúchadh
- Ag pleanáil
- Ag déanamh
- Ag meastóireacht

## 1.4 Bainistíocht an tSeomra Ranga:

Cuidíonn eagrúchán maith leis an bainistíocht ranga agus bionn sé seo mar bhuntaiste do fhorbairt an pháiste. Moltar na páistí a bheith chomh gníomhach is féidir agus gach páiste a bheith rannpháirteach sa rang tré cuspoirí ranga soléir a bheith leagtha amach ag an múinteoir róimh ré. Cruthaítear meon deimhneach i leith na heolaíochta agus léirthuiscint ar thabhacht na heolaíochta don tsochaí a fhorbairt.

## 1.5 Príomh-Mhodheolaíochtaí:

**Módh-Eolaíochta/Módh Oibre**

- Rang Iomlán: obair aonair & bheirte
- Obair ghrúpa
- Módh na sraithe,
- módh na lán fhreagartha gníomhaí,
- an módh díreach,
- an módh clóslabhartha
- an módh clósamhairc
- Babhta tobsmaoibte a dhéanamh agus liostaí
- Súilóid Dúlra
- Comhrá Ranga ag na grúpaí éagsúla futhu

- Ag bailiú eolais/ tionscnamh
- Cuir i lathair: Taispeantas
- Iniúchadh agus imscrúdú
- Anailísiú
- Tascanna agus trialacha
- Ceisteanna agus freagraí

**1.6: Nascadh agus Comhthathú:**

Beidh nascadh laistigh den eolaiocht féin: mar shampla: Duile Beo agus Feacht agus Cúram Imshaoil, laistigh de ábhair O.S.I.E san Eolaíocht agus san Tíreolaíocht agus freisin comhthathú idir an rang eolaíochta agus timpeallacht na bpáistí iad féin. Cuirfear deiseanna ar fáil do na páistí idirgníomhaíocht leis an imshaoil tré ábhair a bháiliú don bord dúlra agus obair tionscadail.

**1.7 Cothromaíocht idir Eolas agus Scíleanna**

Baintear úsáid as raon modhanna agus as éagsúla sa chur chúige. Spreagfar clár eifeachtach páistí chun ceisteanna a chur, chun a gcuid idéanna a thástáil agus a phlé agus freisin chun an domhan fisiceach a bhreathnú agus a iniúchadh.

**2. Measúnú: Ag Breathnú ar Obair na Leanaí:**

- Breathnóireacht an mhúinteora, (Dírbhreathnú)- Tabharfaidh mé cumas éisteachta agus tuisceanna an páiste faoi deara nuair a chuireann mé ceist ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha ranga - Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht - ceistiúchan- An aithníonn an páiste focal agus an mbaineann sé/sí brí as an téacs? Coinnéoidh mé súil géar ar dul chun cinn na bpáistí agus an cheacht ar siúl. Cuirfidh mé ceisteanna othru chun cinntiú go bhfuil siad dírithe ar an cheacht atá ar siúl acu.
- Samplaí oibre, bailiúchin oibre agus tionscadail

**3. Leanaí le Riachtanais Éagsúla:**

**Comhionannas agus Rannpháirtíochta**

Déanfaidh múinteorií pleanáil ar ghníomhaíochtaí atá oiriúnacht do léibhéil chumais agus d'éispéiréis na bpáistí. Déanfar macnamamh ar: úsáid teaglama de theagasc ranga agus d'obair ghrúpa le sprioc ceapáirithe, pleanáil topaicí a chuireann deiseanna ar fail dá thuilleadh imscrúdaithe do na daltaí is cumasaí agus na daltaí is lú cumais, pleanáil aonad bunaithe ar comhthéacsanna coitianta an pháiste agus a gcuid idéanna agus léibhéil tuisceana a bheith mar tús phointe d'obair tionscadail, deiseanna a chur ar fáil chun idirghníomhú le páistí eile agus don obair i gcomhbhuíon leo, cead a thabhairt do dhaltaí a bheith ag obair le hábhair choincréiteacha, moladh do thuismitheoirí obair a dhéanamh i dteannta le páistí tréitheacha agus ar pháistí ar lú a gcumas, úsáid a bhaint as imscrúdaithe mar bhonn don obair phraiticiúil. Is de réir an eolais agus na tuisceana atá bainte amach acu a thugann páistí faoi thascanna ceannoscailte a réiteach.

Tugann imscrúdaithe deiseanna do pháistí a réitigh féin ar fhadhbanna a leanúint go ceann scribe.

- **Pleanáil Eagraíochta**

**4. Clár Ama**

Seo an méid ama a thugtar d'ábhair O.S.I.E gach seachtain:

Ranganna Naíonáin: 2 uair 15 nóiméad

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 3 uair a chloig

**5. Acmhainní agus Treallamh**

- Timpeall an Domhain: Leabhar an Mhúinteora agus Leabhar Oibre.
- Físeáin agus Dlúthdhioscaí
- Cáirteanna/Pictiúirí/ Postaer
- Clárbán agus idirlíon
- Fíor ábhair,uirlisí éagsúla eolaíochta – plandaí,síolta, ábhair maighnéadas, fuaime &rl

**6. Sábháilteacht**

Leagfar béim ar shábháilteacht ag gach léibhéal. Ní bheidh gníomhaíochtaí a bhraitheann ar úsáid céimiceán nó ábhar contúirteach eile mar chuid de chlár eolaíochta bunscoile. Beidh gach ghné de theagasc na heolaíochta ar maos spiorad na sábháilteachta. Spreagfar na páistí aird a thabhairt ar nós imeachta sábhailte le linn na tascanna ar fad. Coinneófar uirlisí in áit sábháilte nach mbeidh teacht ag pháistí orthu ach amhain nuair atá siad faoi mhaoirseacht. Chaithfeadh an múinteoir agus an scoil machnamh le timpeallacht shábháilte a bhunadh agus a bhuanadh nuair a bheadh siad ag pleanáil agus ag eagrú ábhair eolaíochta.

## 7. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoir Aonair

Déanfar pleanáil agus rognófar aonaid oibre don eolaíocht, ag déanamh deimhin go ngeobhaidh na páistí cleachtadh ar chlár leathan comhchothrom. Tabharfaidh an múinteoir na factóirí seo a leannas san aireamh nuair atá siad ag pleanáil aonad oibre don eolaíocht: eispéireas foghlama, clár eolaíochta na scoile, cur chuige, modhanna oibre agus modhanna muinte, tascanna séasúracha, acnhainní agus tacaíocht atá ar fail don mhúinteoir.

## 8. Forbairt Foirne

Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid maith idir foireann na scoile.
Cuirfidh an caidreamh a dhéanfaidh an múinteoir leis an múinteoir a bhí i mbun an ranga roimhe/roimpi féin agus breathnú ar thaifid an ranga faisnéis úsáideach ar fail dó/di nuair a bheidh clár nua á dhreachtadh agus scéimeanna oibre á phleanáil amach aige/aici.

## 9. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal

Is léir go dtiocfaidh den bhéim a leagtar sa churaclam ar iniúchadh na timpeallachta gur iomaí sin bealach ar féidir le teaghlaigh na bpáistí cabhrú chun an clár a shaibhriú agus chun tacú leis. Is féidir le tuismitheoirí agus le muintir na háite cabhrú le gníomhaíochtaí eolaíochta trína gcuid eolais agus inniúlachta a roinnt-cuireadh a thabhairt do aoí chainteoirí trí lámh cúnta a thabhairt agus cuairteanna á eagrú chun ionaid spéise agus tuismitheoirí a bheith ag obair lena gcuid páistí ar thascanna scoile eolaíochta.

- **<u>Critéir Rathúlachta</u>**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **<u>Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013</u>**

**Rólanna agus Freagracht**

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht se oar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur ii bhfeidhm Meán Fomhair 2013.

- **<u>Athbhreithniú: Meitheamh 2015</u>**

**(a) Rólanna agus Freagracht**

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015

**(b) Spriocdháta don athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlain 2015

- **<u>Daingniú agus Cumarsáid</u>**

Do na múinteoirí, cigirí, tuismitheoirí agus an bord bainistíochta.

**Siniú:____________________________**  **Dáta: _________________**

**<u>Cathaoireach an Bhord Bainistíochta</u>**